# FÓGRA LÁITHREÁIN

## COMHAIRLE CONTAE CHORCAÍ

FORBAIRT FAOI ALT 179 DEN ACHT UM PLEANÁIL AGUS FORBAIRT, 2000 AGUS FÓGRA DE BHUN CEANGLAIS CHUID 8, AIRTEAGAL 81 AGUS 83 DE NA RIALACHÁIN PHLEANÁLA AGUS FORBARTHA, 2001, ARNA LEASÚ

Tugtar fógra leis seo go bhfuil sé beartaithe ag Comhairle Contae Chorcaí an fhorbairt seo a leanas a dhéanamh

### Tionscadal Uasghrádaithe lintéar Mhuileann Bheanntraí

Áit:

Sráid an Droichid, An tSráid Nua agus Cearnóg Wolfe Tone i mBeanntraí, Co. Chorcaí

**Cineál agus méid na forbartha** Beartaithe

Is é cuspóir na n-oibreacha molta uasghrádú a dhéanamh ar lintéar reatha ag Abhainn an Mhuilinn laistigh de bhaile Bheanntraí agus na naisc bhréan atá ann cheana leis an lintéar a bhaint agus iad seo a athrú go líonra bréan neamhspleách.

Cuimsíonn an fhorbairt a bheartaítear iad seo a leanas:

- Atógáil ar lintéar abhann an mhuilinn feadh Shráid an Droichid agus an tSráid Nua agus Cearnóg Wolfe Tone agus nasc le lintéar reatha abhann an mhuilinn ag slabhraíocht 80m. Áirítear leis seo:
  - o Lintéar nua abhann an mhuilinn le toisí inmheánacha 5.2m ar leithead, 1.5m ar airde a thógfar ón gceangal isteach ag Cearnóg Wolfe Tone, ag Slabhraíocht 80m, go nasc na Scairte agus lintéar an Mhuilinn ó Shráid Liam, ag Slabhraíocht 242m
  - o Lintéar nua abhann an mhuilinn le toisí inmheánacha 3.6m ar leithead, 1.5m ar airde a thógfar ó acomhal Shráid Liam ag Slabhraíocht 242m go dtí an Muileann ar Shráid an Droichid ag Slabhraíocht 452m.

- Ceangail le draenáil/seirbhísí reatha ag Sráid Liam agus ag an bPríomhshráid.

- Oibreacha deisiúcháin/uasghrádaithe le déanamh ar lintéar Abhainn an Mhuilinn ó Slabhraíocht 0 go 80m.

- Oibreacha athchóirithe bóithre agus cosáin .

- Beidh gá leis an gcuid lárnach de ghné ailtireachta Chearnóg Wolfe Tone a bhaint agus a athchóiriú chun ceangal isteach lintéar Abhann an Mhuilinn Nua a éascú.

- Beidh gá le síneadh gearr (thart ar 4m) de lintéar Abhann na caolsráide ionas go mbeidh sé ceangailte le líne lintéar nua Abhann an Mhuilinn.

- Seirbhísí agus fóntais nua a thógáil lena n-áirítear draenáil uisce bréan. Beidh draenáil uisce dromchla, bonneagar príomhphíobáin uisce, leictreachas agus cumarsáid ag teastáil ag Cearnóg Wolfe Tone, an tSráid Nua agus Sráid an Droichid.

- Ag áireamh mionathruithe ar sheirbhísí reatha lena n-áirítear uisce bréan, uisce dromchla agus seirbhísí go ginearálta chun an scéim atá beartaithe a éascú

- 2 sumpa pumpála d'uisce dromchla a thógáil i gCearnóg Wolfe Tone.

Tá cinneadh scagtha déanta ag Comhairle Contae Chorcaí nach bhfuil gá le Tuarascáil Measúnacht Tionchair Timpeallachta (MTT), agus cinneadh chomh maith nach bhfuil gá le measúnacht chuí . I gcomhréir le hAirteagal 120(3), arna leasú le I.R. Uimh. 296 de 2018 , féadfaidh duine, laistigh de 4 seachtaine ó dháta an fhógra seo (8 Samhain ), iarratas a dhéanamh chuig an mBord Pleanála ar chinneadh scagtha ar cé acu an dóigh go mbeadh tionchar suntasach ag an bhforbairt ar an gcomhshaol. Ba cheart aighneacht dá leithéid a sheoladh chuig an Rúnaí, An Bord Pleanála, 64, Sráid Mhaoilbhríde, Baile Átha Cliath, 1.

Tá pleananna agus sonraí na forbartha a bheartaítear ar fáil lena n-iniúchadh, nó le ceannach ar tháille €15 an tsraith, ó 8 Samhain go 6 Nollaig 2024 ag na hionaid seo a leanas:

- Comhairle Contae Chorcaí, Forhalla Halla an Chontae, Bóthar Charraig Ruacháin, Corcaigh, T12 R2NC [idir na huaireanta 09:00 go 16:00]
- Oibríochtaí Bóithre Chomhairle Contae Chorcaí, Áras Beanntraí, An Chearnóg, Beanntraí, Co. Chorcaí. P75 TD 82 [idir na huaireanta 09:00 go 13:00 agus 14:00 go 16:00 ]
- Beidh líníochtaí agus doiciméid ar fáil le hiniúchadh ar líne ar shuíomh Gréasáin Chomhairle Contae Chorcaí. Is é an nasc le haghaidh na líníochtaí agus na doiciméid ná: https://www.corkcoco.ie/en/resident/planning-and-development/public-consultations/active-part-8-development-consultation

Is féidir Aighneachtaí nó Tuairimí maidir leis an bhforbairt bheartaithe, a dhéanamh faoi 16.00 20 Nollaig mar a leanas:

1. Ar líne: https://www.corkcoco.ie/en/resident/planning-and-development/public-consultations/active-part-8-development-consultation trí úsáid a bhaint as an bhfoirm aighneachta ar líne ar www.yourcouncil.ie

2. I scríbhinn, ba chóir go mbeadh an ceannteideal ar an litir: 'Tionscadal Uasghrádaithe lintéar Mhuileann Bheanntraí" agus í a sheoladh chuig an "Innealtóir Sinsearach, Comhairle Contae Chorcaí, Oifig Dhearaidh Bóithre Réigiúnacha & Áitiúla, Urlár 10, Halla an Chontae, Bóthar Charraig Ruacháin, Corcaigh, T12 R2NC" nó seol ríomhphost chuig part8rlrdo@corkcoco.ie .

**Stiúrthóir Bóithre agus Iompair** **Dáta an Fhógra: 8 Samhain 2024**